

Úsáid na Gaeilge (45 nóiméad)

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 1 Léigh an téacs thíos agus scríobh **focal amháin** i ngach bearra. Ba cheart go mbeadh gach focal ceart ó thaobh na céille agus na gramadaí de.

40 / marc

Guth na mBan

Cloisim neart cainte le tamall anuas ar 'chomhionannas inscne,' go háirithe i _____ (1) na polaitíochta. Más _____ (2) d' urlabhraithe na bpáirtithe móra, is cúis díomá dóibh mná a bheith chomh gann agus atá i measc ionadaithe Oireachtas Éireann (22% dár dTeachtaí Dála). Is ea, cloisim neart cainte ach an bhfuil toil chun _____ (3) ann? 'Téann focal le gaoth,' a deir an _____ (4), 'ach téann buille le cnámh.'

Cé a bhuailfidh buille ar son mhná na hÉireann a bheadh inchurtha leis an mbuille a bhuail Nicola Sturgeon, Príomh-Aire na hAlban, ar son bhantracht a tíre féin? Chuir sí ionadh ar a lán tráchtairí nuair a _____ (5) sí ainmneacha a cuid Airí i ndiaidh gur toghadh í in 2014: cúigear fear agus cúigear _____ (6). Is fiú an leagan amach 50/50 sin a chur i gcomparáid le cúrsaí ar an taobh seo de Shruth na Maoile. Mná is ea ceathrar den chúigear déag a shuíonn ag bord na Comh-aireachta sa tír seo. Go rómhinc ar fad, cuirtear mná i mbun na n-aireachtaí sin a shamhlaítear le _____ (7) traidisiúnta na mban. Bhí Frances Fitzgerald ar an gcéad Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, cuir i gcás. Níor fágadh an Roinn Airgeadais faoi bhean ar bith go dtí seo!

Ach ná géillimis don _____ (8). Ritheadh acht roinnt blianta ó shin a _____ (9) casadh sa scéal, b'fhéidir, is é sin an tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012. Chuir an t-acht sin _____ (10) ar na páirtithe polaitíochta a dheimhniú gur mná a bhí i 30% dá gcuid iarrthóirí san olltoghchán deireanach. As seo amach, má theipeann orthu an céatadán sin a _____ (11), gearrfar _____ (12) throm orthu – bainfear díobh 50% den mhaoiniú a thugann an Stát dóibh. An é seo an beart a thabharfaidh cothrom na Féinne do na mná sa saol poiblí? Céim chun tosaigh atá ann, ach tá fórsaí ann i gcónaí a chuirfeadh an bua beag seo ar _____ (13). Níor luaithe a ritheadh an reachtaíocht ná go raibh a gcuid _____ (14) á gcumadh ag lucht na bpáirtithe. "Beidh sé deacair dúinn cloí leis an reachtaíocht seo," a dúirt T.D. liom. "Is iad na brainsí áitiúla a _____ (15) iarrthóirí toghcháin. Is beag _____ (16) a bhíonn againne ar na cúrsaí seo. Beidh sé ina _____ (17) má thugaimid ordú do bhrainse áitiúil bean a chur chun _____ (18) seachas fear a bhí ar intinn acu féin."

Is baolach chomh maith go mbeidh mná san iomaíocht i ndáilcheantair nach bhfuil seans dá laghad ag an bpáirtí _____ (19) a ghnóthú iontu. Fiú más mná atá i 30% de na hiarrthóirí, ní _____ (20) sin agus a rá gur mná a bheidh i 30% de na Teachtaí a thoghfear i dtoghcháin amach anseo.

Teastas Eorpach na Gaeilge
Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1): Scrúdú samplach 2

Ceist 2

Déan gach ceann de na habairtí thíos a aistriú go Gaeilge.

25 / marc

1. We told them we'd be back after the Easter break.

2. The speech was recorded by RTÉ and will be broadcast during the morning news programme.

3. Half of the money will be given to Baile na Craoibhe Community Centre.

4. Only members of staff are allowed in this part of the building.

5. I might believe him if he produced some credible evidence.

Teastas Eorpach na Gaeilge
Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1): Scrúdú samplach 2

Ceist 3

Cruthaigh ceangal idir an dá chlásal sna samplaí thíos chun abairt iomlán amháin a dhéanamh díobh.

20 / marc

Mar shampla:

Scéal a bhí ann. Níorbh fhéidir liom é a chreidiúint.

Scéal a bhí ann nárbh fhéidir liom a chreidiúint.

1. Dúirt an Breitheamh. B'fhollasach go raibh an cosantóir neamhchiontach.

2. Is cosúil. Is é tuairim na dtaighdeoirí nár cheart an caiteachas a cheadú.

3. Cinneadh is ea é. B'fhearr é a chur ar an méar fhada.

4. Aontaím leat. Is annamh a bhíonn rath ar a leithéid.

5. Fear a bhí ann. Ba mhinice an focal cáinteach aige ná a mhalairt.

Teastas Eorpach na Gaeilge
Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1): Scrúdú samplach 2

Ceist 4 Déan cibé athrú gramadaí is gá ar na focail idir lúbíní.

20 / marc

1. Tháinig sí ar [cuairt] _____ ghairid chugam roimh thús an téarma ollscoile.
2. Is minic a chuireann an abhainn thar [bruach] _____ tar éis báisteach throm.
3. I gcnuasach [Dánlann] _____ Náisiúnta na hÉireann atá an pictiúr sin.
4. Deirtear go bhfuil sé deacair deichniúr Beilgeach [clúiteach] _____ a ainmniú.
5. Bhíodh sos beag ann idir na léachtaí agus ba ghnách linn cupán tae a ól [le linn] _____ sin.

Ceist 5 Athscríobh na habairtí thíos san aimsir chuí mar atá déanta sa sampla.

20 / marc

Mar shampla:

Modh ordaitheach: Tar isteach agus déan do scíth ar feadh tamaill.

Infinideach: Molaim duit teacht isteach agus do scíth a dhéanamh ar feadh tamaill.

1. Lean do bhealach féin agus ná bíodh aird agat ar dhaoine eile.

Molaim duit _____

2. Ceartaigh na botúin litrithe go léir agus téigh siar ar an alt arís.

Molaim duit _____

3. Mair go simplí agus taistil an domhan mór.

Molaim duit _____

4. Iarr comhairle go minic ach ná glac le gach rud a deirtear leat.

Molaim duit _____

5. Éirigh go luath agus ná cuir an mhaidin amú.

Molaim duit _____
